Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13640/23

LIMITE

CORLX 920
CFSP/PESC 1326
COAFR 337
CONUN 255
COARM 247

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Nollaig 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/798/CBES[1] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir ('PAL').

(2) An 27 Iúil 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2693 (2023). Bunaítear leis an Rún sin nach bhfuil feidhm le bheith a thuilleadh ag na bearta trádbhac arm ná ag na ceanglais ghaolmhara maidir le fógra a thabhairt maidir le soláthar, díol nó aistriú arm agus trealamh gaolmhar agus soláthairtí gaolmhara, agus maidir le cúnamh, comhairle agus oiliúint a chur ar fáil d'fhórsaí slándála PAL, lena n-áirítear institiúidí sibhialta forfheidhmithe dlí an stáit.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/798/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle an 23 Nollaig 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir (IO L 352, 24.12.2013, lch. 51).

*Airteagal 1*

I gCinneadh 2013/798/CBES, leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(1) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) airm agus trealamh gaolmhar agus soláthairtí gaolmhara de gach cineál a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, lena n-áirítear armáin agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata, agus páirteanna spártha don mhéid thuasluaite, agus cúnamh, comhairle agus oiliúint ghaolmhar a chur ar fáil d’fhórsaí slándála Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear institiúidí sibhialta forfheidhmithe dlí an stáit; nó’

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choiste sula ndéanfar aon díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú, mar a cheadaítear i bpointí (a), (b), (c), (d), (f) agus (i) de mhír 1.’;

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC